



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACTH

GAEILGE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

NA SIOLLABAIS

AGUS

AN CÓRAS MEASÚNACHTA

**ARNA FHOILSIÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
(Nuashonraithe, Feabhra 2010)**

An Ardteistiméireacht

GAEILGE (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

Cláir na hArdteistiméireachta

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is í aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar gach gné den duine aonair, forbairt a chuimsíonn forás aeistéitiúil, cruthaitheach, léirmheastach, cultúrtha, mothúchánach, tromchiallach, intleachtúil, morálta, fisiceach, polaitiúil, spioradálta agus sóisialta, le haghaidh a shaoil phearsanta agus baile, le haghaidh an tsaoil oibre agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Cuirtear cláir na hArdteistiméireachta i láthair taobh istigh den aidhm ghinearálta seo, le béim ar leith ar scoláirí a ullmhú le haghaidh na riachtanas atá ann i leith breisoideachais agus breisoiliúna, le haghaidh fostaíochta agus le haghaidh an róil a bheidh acu mar shaoránaigh rannpháirteacha, fhiontracha.
3. Tá sé mar aidhm ag cláir uile na hArdteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chláir an Teastais Shóisearaigh a chur ar fáil, leis an gcothromaíocht chúil idir fhorás pearsanta agus fhorás sóisialta (forás morálta agus spioradálta san áireamh), idir staidéar gairme agus ullmhúchán le haghaidh breisoideachais agus le haghaidh an tsaoil oibre agus aosaigh. Is féidir go mbeadh athrú ar an ualú coibhneasta a thugtar do na gnéithe seo de réir an chláir áirithe a ghlactar.
4. Tá na cláir faoina mbronntar an Ardteistiméireacht á dtairiscint i dtrí chineál:
 - (i) Clár na hArdteistiméireachta
 - (ii) Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
 - (iii) Gairmchlár na hArdteistiméireachta
5. Leagann cláir uile na hArdteistiméireachta béim ar thábhacht:
 - foghlaim fhéinstiúrtha agus smaointeoireacht neamhspleách

- meon fiosraithe, smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, féintuilleamaí, tionscnamh agus fiontraíocht
- Ullmhúchán do bhreisoideachas agus don saol aosach agus oibre

6. Clár na hArdteistiméireachta (CA)

Tá sé mar aidhm ag an gclár seo:

- a chur ar chumas scoláirí a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach i dtaca lena bhforás pearsanta, sóisialta, intleachtúil agus gairmiúil
- scoláirí a ullmhú don ról a bheidh acu mar shaoránaigh atá gníomhach agus rannpháirteach
- scoláirí a ullmhú chun dul ar aghaidh chuig breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht

Cuireann sé oideachas leathan, cothrom ar fáil do scoláirí cé go gceadaítear roinnt speisialtóireachta. Déantar siollabais a sholáthar i raon leathan ábhar. Déantar ábhair uile na hArdteistiméireachta a thairiscint ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Ina theannta sin, déantar Matamaitic agus Gaeilge a thairiscint freisin ag Bonnleibhéal.

Is féidir feidhm a bhaint as gnóthachtáil scoláirí i gClár na hArdteistiméireachta chun críche roghnúcháin i gcás breisoideachais, fostaíochta, oiliúna agus ardoideachais.

7. Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (CAF)

Is clár ar leith é a leanann ar feadh dhá bhliain agus atá ceaptha do na scoláirí úd nach mian leo dul ar aghaidh díreach chuig oideachas tríú leibhéal nó dóibh siúd nach bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar a gcuid riachtanas, barmhianta agus inniúlachtaí i gcláir eile na hArdteistiméireachta.

Tá trí phríomhghné i struchtúr Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí - gnéithe atá comhghaolmhar agus ag brath ar a chéile:-

- Gairmullmhúchán
- Gairmoideachas
- Oideachas Ginearálta

Tá taithí oideachasúil de chineál gníomhach, praiticiúil agus scoláire-lárnach ag baint leis.

8. Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCA)

Tá sé mar aidhm ag an gclár, go háirithe:

- meon fiontraíochta agus tionscnaimh a chothú sna scoláirí
- forbairt a dhéanamh ar scileanna idirphearsanra, gairmiúla agus teicneolaíochta

Déanann scoláirí GCA staidéar ar íosmhéid de chúig ábhar Ardteistiméireachta (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), Gaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpaí ábhar gairmiúla atá sonraithe san áireamh. Tá orthu freisin cúrsa aitheanta i Nuatheanga Eorpach a ghlacadh, seachas Gaeilge nó Béarla. Ina theannta sin glacann scoláirí trí Nascmhodúl a sholáthraíonn comhleanúnachas curaclaim don GCA.

GAEILGE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

SIOLLABAS DON GHNÁTHLEIBHÉAL

SIOLLABAS DON ARDLEIBHÉAL

AN CÓRAS MEASÚNACHTA: GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

GNÁTHLEIBHÉAL

Clár

GNÁTHLEIBHÉAL	Lch:
An Siollabas: Nóta	1
Aidhmeanna Ginearálta	1
An Ghaeilge agus Forbairt an Scoláire	2
An Cúrsa Gnáthleibhéal: Sainiú	2
An Cultúr Gaelach	3
An Fheasacht Teanga	3
Cuspóirí Múinteoireachta	4
Feidhmeanna	7
Topaicí agus Feidhmeanna	9
Rangú na dTopaicí	9
1: An Scoláire Féin agus a T(h)impeallacht - Spriocanna	11
2: Cúrsaí Scoile agus Oibre - Spriocanna	15
3: An Ghaeilge Timpeall Orainn - Spriocanna	19
4: Saol an Duine Óig - Spriocanna	22
5: Na Meáin Chumarsáide - Spriocanna	26
6: Ábhair Eile a gCuireann an Scoláire Spéis Ionu	27
Aguisín I: Gnáthleibhéal: An Cúrsa Próis 2012, 2013, 2014	28
Aguisín II: Gnáthleibhéal: An Cúrsa Filíochta 2012, 2013, 2014	29
Aguisín III: Gnáthleibhéal: Liosta na dTopaicí	30
Gnáthleibhéal: An Córas Measúnachta	53

An Siollabas: Nóta

Tugtar aird faoi leith sa siollabas ar na riachtanais seo:

- (a) go mbeadh leanúnachas sa siollabas seo ó shiollabas an Teastais Shóisearaigh chun go bhféadfaí gach a bhfuil sealbhaithe ag na scoláirí a leathnú, a dhóimhniú agus a bhuanú;
- (b) go n-aithneofaí cúlraí agus cumais éagsúla na scoláirí;
- (c) go dtabharfaí aitheantas sa teagasc agus sa mheasúnú do na scileanna seo: cluastuiscint, labhairt, léamhthuiscint agus scríobh.

Aidhmeanna Ginearálta

Is iad seo thíos na haidhmeanna ginearálta a bhaineann le múineadh na Gaeilge ag an leibhéal seo:

- (a) Deis a thabhairt do na scoláirí an Ghaeilge a shealbhú de réir a n-acmhainne, sa tslí is go mbeidh siad ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i saol dátheangach na tíre.
- (b) Cumas Gaeilge na scoláirí a fhorbairt i dtreo is go mbeidh gach scil teanga (éisteacht, labhairt, léamh, scríobh) acu de réir a n-acmhainne.
- (c) Léargas a thabhairt do na scoláirí ar chultúr agus ar shaíocht Ghaelach na hÉireann agus deiseanna a chur ar fáil dóibh é seo a bhlaiseadh tríd an teanga, an ceol, an stair, an litríocht agus mar sin de. Tuiscint agus meas don Ghaeilge a chothú i sochaí ilchultúrtha agus ilteangach.
- (d) Meon dearfach i leith na teanga a chothú sna scoláirí, ag cur san áireamh gurbh fhéidir gurb í an Ghaeilge san Ardteistiméireacht an teagmháil fhoirmiúil dheiridh a dhéanfaidh formhór na scoláirí leis an teanga.
- (e) Féinmheas agus féinmhuinín na scoláirí a chothú trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus ar a n-oidhreacht chultúrtha.
- (f) Go mbeadh mar thoradh ar mhúineadh na Gaeilge go gcothófaí dearcadh dearfach iontu ar fhoghlaim teangacha eile agus ar chainteoirí teangacha eile, mar aon le meas ar chultúir agus ar shaíochtaí eile.
- (g) Taitneamh agus spreagadh intleachtúil agus mothúcháinach a sholáthar do na scoláirí i gcomhthéacs na Gaeilge.

An Ghaeilge agus Forbairt an Scoláire

Laistigh den siollabas Gaeilge ag an leibhéal seo déanfar cúram d'fhorbairt an scoláire. Díreofar ar na gnéithe seo:

- (a) Forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire a chur chun cinn.
- (b) Cumas samhlaíochta, cruthaitheach, aeistéitiúil agus mothaitheach an scoláire a fhorbairt.
- (c) Dearcadh agus scileanna staidéir a chothú a chabhróidh leis an scoláire ó thaobh torthaí acadúla, saol oibre, agus caitheamh aimsire de.
- (d) Cumas anailíse, urlabhraíochta agus cuimhne an scoláire a fhorbairt.
- (e) Tuiscint a chothú sa scoláire ar ghnás na Gaeilge agus ar nádúr na cumarsáide inti.
- (f) Aird chuí a dhíriú ar na meáin chumarsáide Ghaeilge agus ar acmhainneacht theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide don Ghaeilge.
- (g) Cabhrú leis an scoláire leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le bheith ilteangach.
- (h) Cabhrú leis an scoláire teacht ar shaíocht na Gaeilge.
- (i) A chur ar chumas an scoláire cúrsa tríú leibhéal sa Ghaeilge a leanúint.

An Cúrsa Gnáthleibhéal: Sainiú

Tá i gceist sa chúrsa seo:

- (i) Freastal a dhéanamh ar na scoláirí
 - (a) a rinne an cúrsa Gnáthleibhéal sa Teastas Sóisearach agus ar éirigh go sásúil leo ann,
 - (b) a rinne an cúrsa Ardleibhéal sa Teastas Sóisearach agus a rinne dul chun cinn áirithe ann ach fós a mbeadh raon teoranta cumais teanga acu,
 - (c) a rinne an cúrsa Bonnleibhéal sa Teastas Sóisearach agus a rinne dul chun cinn suntasach ann.
- (ii) Go gcuirfí béim chuí ar na scileanna ginchumais agus gabhchumais.
- (iii) Go bhfaigheadh scoláirí an leibhéal seo léargas áirithe ar an gcultúr Gaelach, agus ar litríocht na Gaeilge.
- (iv) Go bhfaigheadh scoláirí an leibhéal seo léargas ar an nGaeilge mar theanga chumarsáideach sa saol comhaimseartha.

An Cultúr Gaelach

- Ar aon dul leis an gcúrsa Bonnleibhéal, déanfar cúram sa chúrsa seo de thábhacht oidhreacht chultúrtha na Gaeilge. Tá i gceist anseo go bhfaighidh scoláirí léargas maith ar ghnéithe den chultúr sin a bhaineann go dlúth le comhthéacs stairiúil agus comhthéacs comhaimseartha na Gaeilge.
- Tabharfar deis do mhúinteoirí tuiscint a thabhairt dá gcuid scoláirí ar thábhacht an chultúir Ghaelaigh i gcomhthéacs mhúineadh mhór-réimse uimhir 3 de na topaicí a luaitear thíos, i.e. “An Ghaeilge Timpeall Orainn”.
- Moltar áfach go bhfaighidh scoláirí an deis chéanna leis an gcultúr Gaelach a bhlaiseadh laistigh de na mór-réimsí eile sna topaicí úd chomh maith. Níor cheart go bhféachfaí ar an ngné chultúrtha seo mar “aguisín” leis féin nó mar “chuid eile” den chúrsa a gcaithfí treabhadh tríd.
- Ba cheart a oiread agus ab fhéidir an ghné chultúrtha a fhí isteach go nádúrtha le múineadh na scileanna teanga, m.sh. d’fhéadfaí tagairtí a dhéanamh do logainmneacha, do shloinnte srl. laistigh de cheacht bunaithe ar théama an teaghlaigh nó an cheantair dúchais.
- Táthar ag súil go ndéanfar iarracht tríd an ngné chultúrtha den chúrsa tuiscint na scoláirí ar a n-ionaid féin sa phobal dátheangach a shaibhriú agus a iomlánú.
- Díritear aird ar acmhainneacht theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide leis an gcultúr Gaelach a shuíomh sa saol comhaimseartha.

An Fheasacht Teanga

- Is féidir leas a bhaint as an eolas agus as an taithí atá ag scoláirí ar chórais teangacha eile i gcás mhúineadh na Gaeilge chomh maith.
- Aithneoidh scoláirí rudaí suntasacha faoin nGaeilge óna gcuid eolais ar an mBéarla agus ar na nuatheangacha, mar shampla. Tá aithint na ndifríochtaí agus na gcosúlachtaí sin tábhachtach do shealbhú cheart na teanga, m.sh. briathar ag tús na habairte sa Ghaeilge, córas éagsúil deilbhíochta, srl.
- Moltar chomh maith go mbeidh deis ag scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid iarrachtaí féin leis an nGaeilge a fhoghlaim. Léirítear go minic go bhfuil feidhm thairbheach ag an sórt machnaimh sin i gcás shealbhú na spriochteanga.
- Tabharfar deis do mhúinteoirí sa chúrsa seo roinnt eolais i dtaobh na teanga a chur faoi bhráid na scoláirí i gcomhthéacs mhúineadh mhór-réimse uimhir 3 de na Topaicí, “An Ghaeilge Timpeall Orainn”, atá rianaithe thíos (eolas faoin teanga féin, faoin nGaeltacht, faoi chanúintí, faoi fhocail iasachta). Rachaidh sé sin go mór chun tairbhe na scoláirí agus maolódh sé roinnt mhaith ar an dua a bhaineann le córas foclóra, comhréire agus deilbhíochta na Gaeilge a shealbhú i gceart.

Cuspóirí Múinteoireachta

Beifear ag súil go mbeidh na cumais seo a leanas ag na scoláirí ar chríochnú an chúrsa seo dóibh. Tá téacsanna dílse (nuachtáin, irisí, blaganna idir ábhar clóite agus ar líne) i gceist le gach tagairt thíos. Meabhraítear go gcuimsíonn an téarma “téacsanna dílse” míreanna den teanga labhartha chomh maith céanna le téacsanna clóite.

A. Tuiscint

(i) Teanga Labhartha (Cluastuiscint)

- Go mbeidh na scoláirí in ann tuiscint a bhaint as comhráite bunaithe ar ghnáthábhair údaracha de réir na dtopaicí.
- Go mbeidh siad in ann tuiscint a bhaint as míreanna nuachta agus tuairisce/giotaí oiriúnacha as cláir raidió/teilifíse.
- Go mbeidh siad in ann tuiscint a bhaint as fógraí/teachtaireachtaí 7rl.

(ii) Téacsanna Scríofa (Léamhthuiscint)

- Go dtuigfidh na scoláirí téacsanna scríofa a bheidh ag teacht go dlúth lena gcuid taithí agus spéise agus a bheidh grádaithe dá réir (m.sh. ailt irise nó nuachtáin; giotaí as téacsanna pearsanta; dialanna, srl.).
- Go dtuigfidh na scoláirí giotaí oiriúnacha litríochta, idir phrós agus fhilíocht.

(iii) Litríocht

- Ag eascairt as a bhfuil i gceist in aidhm “(c)” de na hAidhmeanna Ginearálta, tá sé i gceist go ndéanfaí saothrú ar litríocht na Gaeilge, idir phrós agus fhilíocht.

B. Labhairt

- Go mbeidh na scoláirí in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá ar ábhar na dtopaicí.

C. Scríobh

- Go mbeidh ar chumas na scoláirí tascanna scríbhneoireachta a chur i gcrích; m.sh. alt, litir, scéal, comhrá (ar líne), cuntas, srl.

D. Prós

Beidh rogha ann i gcás an phróis idir:

(a) Prós Comónta Ainmnithe **nó** (b) Prós: Ábhar Roghnach.

- (a) **Prós Comónta Ainmnithe - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal:** Ainmneofar rogha de shleachta gearra as saothair phróis a bheidh comónta don chúrsa Gnáthleibhéal agus don chúrsa Ardleibhéal bunaithe ar na critéir seo thíos.

- Sleachta as cúig cinn de shaothair phróis a bheidh ar an gcúrsa comónta próis (cf. Aguisín I).
- Ábhar taitneamhach spéisiúil a bheidh ann.
- Féadfaidh an rogha de shaothair phróis ar an gcúrsa comónta próis athrú gach trí bliana.
- Cuirfear an ghnéaschothromaíocht san áireamh i roghnú an ábhair seo.
- Bainfidh ábhar an chúrsa chomónta próis le saol na cathrach agus le saol na tuaithe.

(b) **Prós: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Is den riachtanas é go gcloífi leis na treoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú.

Agus téacsanna oiriúnacha próis á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

(i) **Cineálacha:**

Cúig ghiota próis agus ceann amháin díobh ag freagairt do gach ceann ar leith de na cineálacha (i) go (v) thíos:

- (i) **Sliocht béaloidis**
- (ii) **Giota as saothar dírbheathaisnéise / dialann taistil**
- (iii) **Gearrscéal [go huile]**
- (iv) **Giota as úrscéal**
- (v) **Dráma [nó giota as]**
nó
Scannán Gaeilge

(ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar próis ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna giotaí:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban.

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe faoi réir Alt (a) thuas 'Prós Comónta Ainmnithe', a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

E. Filíocht:

Beidh rogha ann i gcás na filíochta idir:

(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe no (b) Filíocht: Ábhar Roghnach.

(a) **Filíocht Chomónta Ainmnithe - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal:**

Ainmneofar rogha de dhánta a bheidh comónta don chúrsa Gnáthleibhéal agus don chúrsa Ardleibhéal bunaithe ar na critéir seo thíos.

- Cúig dhán a bheidh ar an gcúrsa comónta filíochta (cf. Aguisín I).
- Filíocht nua-aimseartha is mó a bheidh i gceist leis an gcúrsa seo.
- Féadfaidh an rogha de dhánta ar an gcúrsa comónta filíochta athrú gach trí bliana.
- Cuirfear an ghnéaschothromaíocht san áireamh i roghnú na ndánta.
- Beidh baint áirithe ag na dánta seo le topaicí an tsiollabais..

(b) **Filíocht: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Is den riachtanas é go gcloífi leis na treoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú.

Agus téacsanna oiriúnacha filíochta á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

(i) **Cineálacha**

Déantar staidéar ar **chúig** dhán ar fad. Agus na cúig dhán á roghnú ní mór gur sa tréimhse roimh 1850 a cumadh dán amháin díobh sin.

- (ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar filíochta ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna dánta:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- ceol agus liriciúlacht a chur san áireamh.

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe faoi réir Alt (b) thuas 'Filíocht Chomónta Ainmnithe', a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

Feidhmeanna

Is ionann feidhm anseo agus an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc nó aidhm a chur i gcrích. Moltar do mhúinteoirí a gcuid scoláirí a ullmhú chun go mbeadh ar a gcumas an raon teanga a bhaineann leis na feidhmeanna seo a leanas a aithint sa ghabhchumas (tuiscint) agus a úsáid sa ghinchumas (táirgeadh).

Sóisialú (teagmháil a dhéanamh agus a choimeád le daoine eile)

- Beannú
- Cur in aithne
- Sonraí pearsanta a fháil/a thabhairt
- Buíochas a ghabháil
- Comhghairdeas a dhéanamh
- Cuireadh a thabhairt, glacadh le cuireadh (nó diúltú dó)
- Slán a fhágáil
- Coinne a shocrú
- Leithscéal a ghabháil
- Fiafraí
- Achainí a iarraidh, srl.
- Geallúint a thabhairt
- Socrú a dhéanamh

Aq lorg nó aq tabhairt eolais

- Cur síos a lorg/a chur in iúl
- Míniú a lorg/a thabhairt
- Teachtaireacht a thabhairt nó a chur ar aghaidh
- Deimhniú a dhéanamh
- Seasamh a thógáil nó taobh a ghlacadh
- A rá go bhfuil nó nach bhfuil rud éigin ar eolas agat
- Inniúlacht nó cumas a chur in iúl
- A fháil amach an bhfuil rud éigin ar eolas ag duine
- A rá gur cuimhin leat rud, duine nó áit éigin

Aq cur tuairimí nó dearcadh in iúl

- Tuairimí a lorg nó a nochtadh
- Rogha a chur in iúl
- Spéis nó suim a nochtadh
- Aontú agus easaontú
- Dúil nó mian a chur in iúl
- Cinnteacht nó éiginnteacht a chur in iúl

Aq áitiú

- Rudaí a iarraidh ar dhuine eile
- Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- Cabhair a iarraidh
- Cead a iarraidh
- Comhairle a thabhairt
- Éileamh a dhéanamh
- Moladh a dhéanamh
- Rabhadh a thabhairt

Ag cur mothúcháin in iúl

- Mothúcháin a nochtadh agus a aithint
- Taitneamh, pléisiúr, sásamh a chur in iúl
- Míthaitneamh agus míshástacht a chur in iúl
- Fearg, díomá, aiféala a nochtadh
- Imní a chur in iúl
- Cathú, brón a chur in iúl
- Grá, fuath, déistin a chur in iúl, srl.

Ag leasú na cumarsáide

- Easpa tuisceana a chur in iúl
- Comhrá a choimeád sa tsiúl
- Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá
- Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú nó a mhíniú
- Ag iarraidh ar dhuine focal a litriú

Topaicí agus Feidhmeanna

- Níl sna topaicí atá ainmnithe thíos ach meán chun úsáid nádúrtha na teanga a chur chun cinn i measc scoláirí trí shamplaí dílse den teanga a chur faoina mbráid agus iad a spreagadh chun cumarsáide.
- Ba cheart i gcónaí na scileanna teanga atá sealbhaithe acu ón Teastas Sóisearach a bhuanú, a dhoimhniú, agus a fhorbairt a thuilleadh. Ciallaíonn an fhorbairt seo go múinfear breis foclóra, múnlaí agus struchtúir dóibh sa chaoi go leathnófar ar raon a gcumais sna scileanna uile, idir ghabhchumas agus ghinchumas.
- Ina theannta sin, ciallaíonn “forbairt teanga” ag an leibhéal seo go mbeidh tuiscint á tabhairt don scoláire ar leibhéal éagsúla agus ar chineálacha éagsúla téacsanna agus go mbeidh tuiscint níos doimhne aige/aici ar an bhfeasacht teanga, ar chultúr agus ar litríocht na Gaeilge.
- Moltar don mhúinteoir a roghnú féin a dhéanamh de na topaicí atá ainmnithe agus de thopaicí eile a gcuireann scoláirí spéis iontu chun suímh nádúrtha chumarsáide a chothú sa rang.
- Déantar sé mhór-rangú thíos ar raon leathan de thopaicí a bhféadfaí leas a bhaint astu. Tá samplaí den saothrú feidhmiúil a d’fhéadfaí a dhéanamh orthu luaite thíos.
- Ní gá tagairt do na fotheidil go léir atá rianaithe thíos, ach moltar don mhúinteoir ábhair dhílse a bhaineann leis na réimsí éagsúla a chur faoi bhráid na scoláirí agus tascanna cuí a bhunú orthu. Níl sna fotheidil seo ach treoir don mhúinteoir a chabhróidh leis/léi forbairt chuí a dhéanamh ar gach topaic.
- Ba cheart go mbeadh an t-ábhar féin dúshlánach agus sofaisticiúil ar shlí a bheadh ag teacht le staid fhorbartha na scoláirí. Ní foláir, mar sin féin, leibhéal teanga na n-ábhar a choimeád chomh neamhchasta agus is féidir.
- Ba cheart an méid atá sna topaicí a fhorbairt chun cabhrú le scoláirí léargas a fháil ar litríocht agus ar chultúr na Gaeilge.

Rangú na dTopaicí

1. An Scoláire féin agus a T(h)impeallacht
2. Cúrsaí Scoile agus Oibre
3. An Ghaeilge Timpeall Orainn
4. Saol an Duine Óig
5. Na Meáin Chumarsáide, TFC san áireamh
6. Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu

Saothrú Feidhmiúil

Seo thíos samplaí d'fheidhmeanna úsáide teanga a d'fhéadfaí a chomhlíonadh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí teanga bunaithe ar na topaicí éagsúla agus a bhféadfaí suímh chumarsáide agus idirbheartaíochta a bhunú orthu sa seomra ranga. Ní liosta iomlán críochnúil atá anseo, agus níl bac ar mhúinteoirí cinn eile nach iad a mholadh agus a úsáid. Cuirtear an fhorbairt teanga ón Teastas Sóisearach in iúl trí na heiseamláirí, mar a bhfuil noda agus léiriú chomh maith ar an leibhéal oiriúnach teanga.

1. An Scoláire Féin agus a T(h)impeallacht

Spriocanna

- Bheith inniúil ar thuiscint a bhaint as cineálacha éagsúla Gaeilge labhartha agus scríofa bunaithe ar réimsí cumarsáide a bhaineann leis an ábhar seo.
- Bheith inniúil ar labhairt go muinéach i ngnáthshuíomhanna cumarsáide a bhaineann leis an teaghlach agus leis an timpeallacht – comhráite (rólaithris), cur síos a dhéanamh, moltaí a dhéanamh, roghanna a chur in iúl, plé teoranta a dhéanamh, srl.
- Bheith ábalta tascanna scríbhneoireachta bunaithe ar an ábhar seo a chur i gcrích.

Topaic	Feidhm Úsaide	Eiseamláirí
1.1 <u>An Teaghlach</u>	(a) Cur in aithne	Bhí mé ag caint leat faoi mo dheartháir – sin é thall ansin é. Ba mhaith liom tú a chur in aithne do Phól. Cé hé an boc/diabhal sin?
	(b) Sonraí pearsanta a a thabhairt	Táimid ag cur fúinn ar imeall an bhaile. Níl mórán a d'fhéadfaí a rá faoin áit féin.
	(c) Cur síos a lorg/ a thabhairt	Is dlíodóir í mo mháthair. Rugadh Daid i Manchain ach d'aistrigh sé go hÉirinn tar éis dó Mam a phósadh. Cár rugadh thú?
1.2 <u>Áit Chónaithe</u>	(a) Cur síos a lorg/ a thabhairt	Cén cineál áite í sin? Ní fhéadfá gearán a dhéanamh faoin áit.
	(b) Treoracha a thabhairt	Ar dheis uait ansin. Cas faoi dheis ag an gcrotaire.

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
		Tá sé díreach timpeall an chúinne/choirnéil uait.
	(c) Tuairimí a nochtadh	Déarfá gur áit iargúlta í. Measaim gur áit aoibhinn í.
	(d) Amhras a léiriú	Meas tú? Do bharúil? N'fheadar.
	(e) Gearán a dhéanamh	Níl ár ndóthain áiseanna againn. Níl oiread is club óige ann!
1.3 <u>Cairde</u>	(a) Cur in aithne	Feic 1.1 a.
	(b) Coinne a shocrú	An mbeifeá sásta bualadh liom anocht ag a deich a chlog? Buailfidh mé leat ag a seacht.
	(c) Tréithe a chur in iúl. (Cur síos a dhéanamh)	An rud a chuireann isteach orm faoi ná go bhfuil sé an-leithliseach. Is duine an-bhródúil é.
	(d) Geallúint a thabhairt	Tig leat brath orm. Beidh mé ann, cinnte.
	(e) Cuireadh a thabhairt	An dtiocfaidh tú go dtí an díoscó in éineacht liom? An bhfuil tú ag teacht?
	(f) Rud(aí) a iarraidh ar dhuine	An ndéanfá gar dom? An ndéanfá rud orm?
	(g) Comhairle a thabhairt	Mholfainn duit gan dul leis. Tá sé chomh maith agat é a dhéanamh.
	(h) Mothúcháin a nochtadh	Cuireann Darach fearg orm. Bhí mé ar mire.
1.4 <u>Caitheamh Aimsire</u>	(a) Cur síos a lorg is a chur in iúl.	Cén caitheamh aimsire atá agat?

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
	(b) Spéis nó suim a nochtadh	<p>Cad é/Céard é an caitheamh aimsire is fearr leat?</p> <p>Taitníonn cispheil liom.</p> <p>Táim craiceáilte i ndiaidh ceoil/faoi cheol.</p> <p>Tá an-suim go deo agam sa cheol sin / sa bhlag sin.</p> <p>Ceannaím a lán irisí.</p> <p>Tá an iris sin ar fáil ar líne.</p> <p>Féachaim go minic ar shraithdhrámaí.</p> <p>Éistim le rianta ceoil ar an idirlíon.</p> <p>Seolaim téacsanna chuig mo chairde ar an bhfón póca.</p> <p>Féachaim ar fhíseáin ag an deireadh seachtaine go hiondúil.</p> <p>Ba mhaith liom é a íoslódáil!</p>
	(c) Rogha a chur in iúl	<p>B'fhéarr liom dul ag snámh.</p> <p>Is fearr liom an pheil míle uair ná é.</p>
	(d) Treoracha a thabhairt	<p>Caith chugam an liathróid! Ná cuir ar foraol é.</p>
1.5 <u>Airgead</u>	(a) Fiafraí	<p>Cé mhéad atá ar X?</p> <p>An mór atá ar X?</p>
	(b) Cur síos a dhéanamh	<p>Is fiú X a cheannach. Thug mé €10 air.</p>

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
		Níor thug mé ach €5 air.
	(c) Earraí a dhíol is a cheannach	Tabhair dom an ceann sin. An gceannóidh tú uaim é?
	(d) Cuntas a oscailt i mbanc in oifig an phoist nó gcumann creidmheasa. Airgead a chur isteach is a tharraingt amach	Ba mhaith liom cuntas a oscailt. Teastaíonn uaim €20 a tharraingt amach ón/as an gcuntas seo.

2. Cúrsaí Scoile agus Oibre

Baineann cúrsaí scoile agus fostaíochta go dlúth le saol an duine óig. Ba cheart gach deis a thabhairt do scoláirí, mar sin, labhairt faoi na cúrsaí seo i ngnáthshuíomhanna cumarsáide sa rang, agus a gcuid tuairimí, fadhbanna srl. a nochtadh agus a mhalartú ar a chéile.

Spriocanna

- Bheith inniúil ar thuiscint a bhaint as cineálacha éagsúla Gaeilge labhartha agus scríofa bunaithe ar an ábhar seo.
- Bheith ábalta labhairt go muiníneach i ngnáthshuíomhanna cumarsáide ar scoil agus ar láthair na hoibre, agus plé a dhéanamh ar chúrsaí scoile agus ar shlite beatha.
- Bheith inniúil ar thascanna scríbhneoireachta a chomhlíonadh bunaithe ar an ábhar seo.

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
2.1 <u>Ábhair scoile agus scrúduithe</u>	(a) Cur síos a lorg is a thabhairt	Tá seacht n-ábhar ar siúl agam. Tá Béarla suimiúil.
	(b) Tuairim a nochtadh is a lorg	Ceapaim go bhfuil sé suimiúil. Cad é do bharúil faoi?
	(c) Leithscéal a ghabháil	Tá brón orm faoi bheith déanach. Gabhaim pardún agaibh.
	(d) A rá go bhfuil nó nach bhfuil rud éigin ar eolas agat	Níl mórán eolais agam faoi... Níor chuala mé riamh faoi....
	(e) Rogha a chur in iúl	B'fhéarr liom Béarla ná Stair. Tá an Fhraincis níos suimiúla.
	(f) Cabhair a iarraidh	An féidir leat cabhrú/cuidiú liom ?
	(g) Easpa tuisceana a chur in iúl.	Ní thuigim é sin.

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí Ní féidir liom/Ní thig liom é sin a thuiscint.
2.2 <u>Rialacha</u>	(a) Treoracha a thabhairt agus a thuiscint.	Níl cead tobac a chaitheamh.
	(b) Tuairim a nochtadh	Tá ciall leis an riail sin. Luíonn sé sin le réasún.
	(c) Leithscéal a ghabháil	Ní raibh fúm cur isteach ort. Brón orm cur isteach oraibh.
2.3 <u>An Tríú Leibhéal</u>	(a) Rogha a chur in iúl	B'fhéarr liom dul go dtí an Institiúid Teicneolaíochta ná an Ollscoil. Tá sé níos gaire dom.
	(b) Spéis a nochtadh	Tá suim agam san fheirmeoireacht. Taitníonn sé liom bheith ag obair amuigh faoin aer. Ní thaitneodh obair oifige liom.
	(c) Cur síos a thabhairt	Tá cúrsa an-mhaith i nGaillimh. Tá sé ar intinn/aighe agam teastas a bhaint amach sa dara bliain. Cúrsa trí bliana atá ann.
	(d) Comhairle a lorg is a thabhairt	An molfá dom an cúrsa seo a dhéanamh?
	(e) Dóchas a chur in iúl	Tá súil agam go bhfaighidh mé na pointí, ach tá mé in amhras.
2.4 <u>Cúrsaí Oibre</u>	(a) Rogha a chur in iúl	B'fhéarr liom bheith ag obair amuigh faoin aer.

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
	(b) Cur síos a lorg is a thabhairt	Is gruagaire tusa le fada. An bhféadfá insint dom faoin sórt oibre a dhéanann tú?
	(c) Treoracha a thabhairt agus a thuiscint.	Freagair an fón, le do thoil. An rachfá amach sa veain chun iad a bhailiú?
	(d) Teachtaireachtaí a thógáil / a fhágáil (e.g. guthphost)	An bhféadfainn teachtaireacht a thabhairt dī? Dúirt tú gur mhaith leat bualadh leis inniu ar a trí.
	(e) Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh	Ghlaoigh Mac Uí Shé agus dúirt sé nach mbeadh sé ag an gcruinniú. Dúirt sí gur mhaith léi bualadh leat inniu ag a trí. Tá moill air sa trácht. Ar thriail tú do ghuthphost? Chuir an garáiste ordú eile chugainn.
	(f) Leithscéalta a ghabháil	Níl sí san oifig faoi láthair. Níl sé anseo inniu; tá sé tinn. Beidh sí chugat gan mhoill. An dteastaíonn uait labhairt le duine ar bith eile?
	(g) Ceisteanna a chur	An bhfuil cead agam an veain a thiomáint? Conas a úsáideann tú/úsáidtear an gléas seo?

Topaic

Feidhm Úsáide

Eiseamláirí

An gá dom ragobair a dhéanamh?

3. An Ghaeilge Timpeall Orainn

Ba chóir a oiread agus is féidir den teanga bheo atá i dtimpeallacht na scoláirí a úsáid chun iad a spreagadh chun foghlama. D'fhéadfaí leas a bhaint as na hacmhainní éagsúla atá ar fáil trí Ghaeilge (acmhainní craolta agus eile) chun tuiscint na scoláirí ar an gcultúr Gaelach a shaibhriú agus a dhoimhniú.

Spriocanna

- Bheith inniúil ar thuiscint a bhaint as cineálacha éagsúla Gaeilge labhartha agus scríofa bunaithe ar an ábhar seo.
- Bheith ábalta plé teoranta a dhéanamh ar thuairimí i leith na teanga agus an chultúir. Bheith in ann déileáil le suímh chumarsáide Ghaeilge.
- Bheith ábalta tascanna scríbhneoireachta bunaithe ar an ábhar seo a chur i gcrích i slí ghrádaithe, theoranta.

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
3.1 <u>An Ghaeilge Timpeall Orainn</u>	(a) Cur síos a lorg is a thabhairt	Labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile. Nach ón nGaeltacht duitse?
	(b) Tuairim a nochtadh	Is breá liom sobaldrámaí ar nós “Ros na Rún”. Tá an ghráin dhearg agam ar... Ní maith liom é beag ná mór.
	(c) Spéis a nochtadh	Ba mhaith liom bheith in ann port a sheinm. Tá na scéalta béaloidis sin an-spéisiúil.
	(d) Inniúlacht a chur in iúl	Tá mo chuid Gaeilge ag dul i bhfeabhas de réir a chéile. Tá neart Gaeilge ag an gcaílín sin.
3.2 <u>An Ghaeilge ar na meáin</u>	(a) Cur síos a dhéanamh	Is clár cúrsaí reatha é.
	(b) Tuairim a nochtadh	Is dóigh liom / Measaim / Is é mo bharúil gur clár maith é sin, ach tá clár

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
		maith eile ar ____.
		Chuala mé Seapánach ar an gclár sin ar “Raidió na Life” ag labhairt Gaeilge. Nach raibh sé sin suimiúil?
		Bhí mé ag breathnú ar “Nuacht an Lae” ar “TG4 beo” ar an Idirlíon.
3.3 <u>An Ghaeilge agus Féiniúlacht</u>	(a) Fiafraí	An fiú do dhuine Gaeilge bheith aige/aici?
	(b) Seasamh a ghlacadh	Bheinn féin go láidir i bhfábhar/ar son na teanga.
		Cur amú ama ar fad is ea é!
	(c) Cur síos a lorg is a thabhairt	Is cuid dár n-oidhreacht í. An labhraítear Gaeilge anseo? An bhfuil aon chraobh den Chonradh ann? An bhfuil eagrais Ghaeilge anseo?
3.4 <u>An Gaeltacht</u>	(a) Lóistín a chur in áirithe	An mbeadh lóistín agat don triúr againn?
	Áit ar chúrsa a chur in áirithe	Ba mhaith liom seomra a chur in áirithe don deireadh seachtaine. An bhfuil aon áit fágtha ar an gcúrsa?
	(b) Cur síos a dhéanamh	Is áit iontach í. Tá saol dian againn anseo. Tá stiúideo Raidió na Gaeltachta thall ansin. D’oscail siad monarcha

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
		nua anseo trí bliana ó shin.
		Bíonn céilí/dioscó ar siúl gach deireadh seachtaine.
	(c) Easpa tuisceana a chur in iúl	Ní thuigim céard is brí le.. Tá blas an-láidir ar a cuid cainte.
	(d) Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá	Arís, le do thoil. Céard é féin? / cad é a dúirt tú?
3.5 <u>An Ghaeilge agus teangacha eile</u>	(a) Eolas a lorg is a thabhairt	An mó teanga atá san Aontas Eorpach? An mó teanga a labhraítear sa scoil seo? Tá an focal sin cosúil leis an bhfocal Gearmáinise. Cé acu is deacra, an dóigh leat, Gaeilge nó Fraincis?
	(b) Comparáid a dhéanamh	Tá an foclóir níos casta. Tá an ghramadach níos deacra. Tá an Ghaeilge níos fusa.
	(c) Tuairisc a thabhairt	Tá teanga dá gcuid féin ag muintir na Catalóine. Ar nós na Gaeilge, is teanga Cheilteach í an Bhriotáinis. Chloisfeá Breatnaigh ag labhairt Breatnaise ag na cluichí rugbaí i mBaile Átha Cliath.

4. Saol an Duine Óig

Is breá le daoine óga plé a dhéanamh ar an saol thart timpeall orthu. Ba chóir cabhrú leo é sin a dhéanamh i gcomhthéacs na Gaeilge chomh maith trí shuíomhanna cumarsáide a chruthú a mheallfadh iad chun a gcuid tuairimí, fadhbanna srl. a nochtadh dá chéile.

Spriocanna

- Bheith inniúil ar thuiscint a bhaint as cineálacha éagsúla Gaeilge labhartha agus scríofa bunaithe ar an ábhar.
- Bheith ábalta tuairimí a nochtadh faoi shaol an duine óig inniu agus plé teoranta a dhéanamh orthu.
- Bheith ábalta tascanna scríbhneoireachta a chomhlíonadh agus úsáid chliathánach á baint as ábhar na dtopaicí seo.

Topaic	Feidhm Úsaide	Eiseamláirí
4.1 <u>Caitheamh Aimsire</u> <u>Saol Sóisialta</u>	(a) Cur síos a lorg is a thabhairt	An mbeidh cluiche ann amárach? Eagraíonn an scoil dioscó ag deireadh gach téarma. An bhfuil airgead agat i gcomhair na ceolchoirme? Chuir mé in áirithe ar an idirlíon iad. Bhí mé ag feitheamh sa scuaine ón a sé ar maidin chun an ticéad a cheannach. Níl go leor áiseanna ann. Cheannaigh mé na ticéid le haghaidh na ceolchoirme ar líne.
4.2 <u>Cultúr Daoine Óga</u> <u>Ceol, Spórt, Faisean,</u> <u>Ceolchoirmeacha,</u> <u>Irisí, Scannáin, Físeáin,</u> <u>Cluichí, Cluichí ríomhaire</u>	(a) Cur síos a dhéanamh is a lorg	Cad sórt/cineál éadaí a bhí á gcaitheamh aici/aige? D'eisigh siad dlúthdhiosca nua an tseachtain seo caite.

Topaic	Feidhm Úsaide	Eiseamláirí
		Tá an ceol sin gránna. D'íoslódáil mé an rian ceoil/an t-amhrán sin ón idirlíon.
	(b) Tuairimí a nochtadh	Ní raibh an scannán thar mholadh beirte. Bhí an cheolchoirm go hiontach.
4.3 <u>Faisean</u>	(a) Tuairim a nochtadh	Ní chaithfinn bróga mar sin. Tagann sé duit! Tá sé sin an-fhaiseanta.
	(b) Cur síos a thabhairt	Tá líne cnaipí ann. Tá stríocaí bána ag gabháil tríd. Go maire is go gcaithe tú é!
4.4 <u>Creideamh agus Cúrsaí Córa</u>	(a) Tuairim a nochtadh	Cuireann sé díomá/fearg orm go bhfuil... Tá gorta fós ann. Goilleann an bochtanas orm.
4.5 <u>An Timpeallacht</u>	(a) Tuairim a nochtadh	Tá mé iontach buartha faoin truailliú san abhainn. An ndéanann tú athchúrsáil sa bhaile? An bhfuil brat glas agaibh sa scoil seo? Is ceist mhór í an cheist faoin téamh domhanda. Tá an clós salach arís.

Topaic	Feidhm Úsaide	Eiseamláirí
	(b) Réiteach a thairiscint	Pioc suas é! Caith sa bhosca bruscair é. Ba chóir dó X / Y a dhéanamh.
4.6 <u>Fostaíocht agus Dífhostaíocht</u>	(a) Tuairim a nochtadh	Cuireann sé isteach orm. Tá mo dheartháir as obair le fada; níl sé sin ceart ná cóir. Tá an locht ar
	(b) Réiteach a thairiscint	B'fhiú triail a bhaint as X/ Y. B'fhearr ... a dhéanamh.
4.7 <u>Imirce, Eisimirce agus Inimirce</u>	(a) Míniú a lorg is a thabhairt	Téann gach duine/achan duine/chuile dhuine anseo go Meiriceá. Tagann a lán daoine go hÉirinn ó thíortha iasachta.
	(b) Tuairim a nochtadh	Is mór mar a ghoilleann sé orm. Níl sé sin ceart ná cóir.
4.8 <u>Alcól, Tobac, Drugaí agus Cúrsaí Sláinte</u>	(a) Tuairim a nochtadh	Níl dealramh ar bith leis. Níl cuma ná caoi air. Tá na mangairí drugaí ag marú a chéile. Is galar marfach é SEIF. <i>“Is fearr an tsláinte ná na táinte”</i>
4.9 <u>Foréigean agus Coireanna</u>	(a) Tuairim a nochtadh	Tá sé scanrúil. Bheadh eagla orm dá

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
		mbeinn ann. Leanann foréigean agus coireanna na mangairí drugaí.
	(b) Réiteach a thairiscint	B'fhearr fanacht tamall eile.

5. Na Meáin Chumarsáide

Is cuid lárnach de shaol an scoláire é taithí ar na meáin chumarsáide. Is breá leis an aos óg an chuid seo den saol a phlé. Ba chóir gach deis a thapú leis an gcuid dhílis seo den saol comhaimseartha a iniúchadh.

Spriocanna

- Bheith inniúil ar thuiscint a bhaint as cineálacha éagsúla Gaeilge labhartha agus scríofa a mbeadh baint acu leis an ábhar seo.
- Bheith ábalta tuairim a nochtadh agus plé teoranta a dhéanamh ar an ábhar.
- Bheith ábalta téacsanna scríbhneoireachta a chur le chéile agus úsáid chliathánach á baint as ábhar na dtopaicí seo.

Topaic	Feidhm Úsáide	Eiseamláirí
5.1 <u>Raidió, Teilifís agus an tIdirlíon</u>	(a) Tuairim a nochtadh is a lorg	Céard í do thuairim faoi? Cad í do thuairim faoi? Cad é do bharúil faoi? Drochscéalta ar fad a bhíonn ann, dar liom. Ar éist tú leis an gclár aréir?
5.2 <u>Nuachtáin agus Irisí (clóite agus leictreonacha)</u>		Cuireann sé déistin orm.
5.3 <u>Fadhbanna na Tíre</u>		Tá sé scannalach.
5.4 <u>Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta</u>	(a) Mothúcháin a nochtadh	Táim ar buile leat. Bhí lúcháir orm nuair a chuala mé....
	(b) Easpa suime a léiriú	Tá mé ró-ghafa. Tá mé ró-bhroidiúil. Ní bhíonn an t-am agam bheith ag féachaint ar an teilifís
	(c) Réiteach a thairiscint	Is é leigheas a bheadh agamsa air ná...

6. Ábhair Eile a gCuireann an scoláire Spéis Iontu

Ba chóir saothrú feidhmiúil ar aon dul lena bhfuil déanta anseo a dhéanamh ar thopaic ar bith eile a gcuireann scoláirí spéis inti.

Tá liosta cuimsitheach tagartha de thopaicí le fáil in **Aguisín III**. Tá an liosta seo á sholáthar chun go bhféadfadh múinteoirí saothrú breise a dhéanamh orthu le scoláirí, ag cur a raon cumais/spéise san áireamh, le hiad a spreagadh agus a leibhéal teanga a fhorbairt.

Aguisín I

Gnáthleibhéal: Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012, 2013, 2014

1. Prós

(a) Prós Comónta Ainmnithe

Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thíos .i. sliocht as dialann taistil nó gearrscéal [go huile] agus ag (v) thíos .i. gearrscannán nó dráma.

(i) ***Oisín i dTír na n-Óg*** (Lgh. 69 – 73): Béaloideas/Fiannaíocht
as *Seanchas na Féinne* – Niall Ó Dónaill (eagarthóir)
(An dara heagrán, An Gúm, 1996)

(ii) ***An Gnáthrud*** (Lgh. 61 – 65): Déirdre Ní Ghrianna
as *An Gnáthrud* – Déirdre Ní Ghrianna (Coiscéim, 1999)

nó

Seal i Neipeal (Lgh. 78 – 83): Cathal Ó Searcaigh
as *Seal i Neipeal* – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2004)

(iii) ***Dís*** (Lgh. 265 – 270): Siobhán Ní Shúilleabháin
as *Í Siúd* – Siobhán Ní Shúilleabháin (Cló Iar-Chonnachta, 1999)

(iv) ***Hurlamaboc*** (Caibidil 1, Lgh. 5 – 9): Éilís Ní Dhuibhne
as *Hurlamaboc* – Éilís Ní Dhuibhne (Cois Life, 2007)

(v) ***Cáca Milis*** (Gearrscannán)
as *Gearrscannáin-DVD* (Bord Scannán na hÉireann & TG4, 2004)

nó

An Lasair Choille (Gearrdhráma) (Lgh. 265 – 270): Caitlín Maude agus Mícheál Ó hAirtnéide
as *Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós* – Ciarán Ó Coigligh
(Coiscéim, 2005)

NÓ

(b) Prós: Ábhar Roghnach

Is den riachtanas é go gcloífid leis na teoracha agus na critéir ar leith atá leagtha síos maidir le téacsanna cuí a roghnú. (Feic leathanach 5)

Aguisín II

Gnáthleibhéal: Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012, 2013, 2014

2. Filíocht

(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe

- (i) **An Spailpín Fánach:** (véarsaí 1, 2, 3)
Duanaire na Meánteistiméireachta – Caoimhghin Ó Góilidhe a chuir in eagar. (Eagrán Oifigiúil, Folens, 1975)
- (ii) **Géibheann:** Caitlín Maude
Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005)
- (iii) **An tEarrach Thiar:** Máirtín Ó Direáin
Rogha Dánta – Máirtín Ó Direáin (Sáirséal agus Dill, 1949)
- (iv) **Mo Ghrá-sa (idir lúibíní):** Nuala Ní Dhomhnaill
Féar Suaithinseach – Nuala Ní Dhomhnaill (An Sagart, 1984)
- (v) **Colscaradh:** Pádraig Mac Suibhne
Solas Uaigneach – Pádraig Mac Suibhne (An Sagart, 1992)

NÓ

(b) Filíocht: Ábhar Roghnach

Is den riachtanas é go gcloífí leis na treoracha agus na critéir ar leith atá leagtha síos maidir le téacsanna cuí a roghnú. (Feic leathanach 6)

Aquisín III

Gnáthleibhéal: Liosta na dTopaicí

1. An Scoláire Féin

- An teaghlach
 - Gnáthshaol an teaghlaigh
 - Teaghlaigh éagsúla
 - Ilchultúrachas
-

2. Áit Chónaithe

- An teach agus obair an tí
 - An tuath agus an chathair
 - An chomharsanacht agus comharsana
 - An nuatheicneolaíocht sa teach
-

3. An Scoil agus Cúrsaí Oideachais

- Ábhair scoile
 - Múinteoirí
 - Cineálacha éagsúla scoileanna
 - Acmhainní TFC
 - Rialacha agus éide
 - Scrúduithe
 - Oideachas tríú leibhéal
 - Oiliúint ghairmiúil
 - Cúrsaí oideachais
 - Scoileanna speisialta
-

4. Cairdeas

- Tréithe an duine
 - Na mothúcháin phearsanta
 - Buanna agus lochtanna an duine
-

5. Ceol

- Cineálacha éagsúla ceoil
- Uirlisí
- Bannaí, amhránaithe, grúpaí
- Na cairteacha
- Rianta ceoil
- Podchraoladh
- Liricí

6. Spórt

- Spóirt foirne
 - Spóirt aonair
 - Cumainn agus clubanna
-

7. Caitheamh Aimsire

- Scannáin
 - Léitheoireacht
 - Cluichí
 - Ceol
 - Cluichí ríomhaireachta
 - Suímh shóisialta idirlín
-

8. An Ghaeilge

- An Ghaeilge timpeall orainn
 - An Ghaeltacht agus canúintí
 - An Ghaeilge sna meáin chumarsáide
 - Athbheochan na Gaeilge
 - An Ghaeilge agus féiniúlacht
 - An Ghaeilge thar lear
 - An Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana eile
 - Na heagrais Ghaeilge
 - Raidió na Gaeltachta
 - TG4
 - An Ghaeilge ar líne
-

9. Na Meáin Chumarsáide

- Na meáin chlóite agus leictreonacha
 - Na nuachtáin agus irisí
 - An teilifís
 - An raidió (áitiúil)
 - Cineálacha clár teilifíse
-

10. Saol na hOibre

- Slite beatha éagsúla
 - Obair pháirtaimseartha
 - Agallaimh
 - Fostaíocht agus dífhostaíocht
 - Bliain shabóideach
 - Obair dheonach
 - Obair phobail
 - Bliain bhearnach
-

11. Taisteal agus Teangacha

- Córtais agus córacha iompair
 - Tíortha eile; imirce, inimirce agus eisimirce
 - An Eoraip
 - Tiomáint
 - Rialacha an bhóthair
 - Timpistí
-

12. An Aimsir

- An aimsir in Éirinn
 - Na séasúir
 - An aimsir i dtíortha eile
-

13. Daoine ar Leith

- Daoine le riachtanais speisialta
 - Seandaoine
 - Áiseanna
-

14. Creideamh agus Eitic

- Creideamh in Éirinn anois
 - Féilte in Éirinn agus i dtíortha eile
 - Reiligiúin éagsúla
 - An creideamh agus cúrsaí córa
 - Saoirse agus cearta daonna
-

15. Cultúr

- Cultúr na hÉireann/ Ilchultúrachas
 - Ceol, amhráin agus damhsa traidisiúnta
 - An lucht siúil
 - Litríocht
 - Dánlanna, amharchlanna, iarsmalanna
 - Ealaíona agus Ceirdeanna
-

16. Fadhbanna an Duine Óig

- Dífhostaíocht
- Andúileachas
- Foréigean
- Coireanna agus Coirpigh
- Bochtanas
- Bulaíocht
- Féinmharú
- Brú scrúdaithe
- Piarbhrú

- Easpa saoirse
 - Bulaíocht ar line agus eile
 - Ciníochas
-

17. Tionsclaíocht

- Feirmeoireacht
 - Ríomhaireacht
 - Iascaireacht
 - Turasóireacht
 - Monarchana
 - Taighde agus forbairt
-

18. An Timpeallacht

- An timpeallacht áitiúil
 - Caomhnú na timpeallachta
 - Truailliú
 - Athchúrsáil
 - Tubaistí domhanda
-

19. Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

- An tsíocháin
 - Cogadh
 - Arm na hÉireann
 - An Tuaisceart
 - An pholaitíocht
 - An tAontas Eorpach
 - Na Náisiúin Aontaithe
-

20. An Státchóras

- An Stát
 - Bunreacht na hÉireann
 - Toghcháin
 - An tSeirbhís Phoiblí
-

21. Airgead

- Coigilt
- Pá agus tuarastal
- Na Bainc
- Pinsean
- Cáirtá creidmheasa
- Titim i bhfiacha
- Scoláireachtaí
- Deontais
- Iasachtaí

- Cuntais ar líne
 - Comhar Creidmheasa
-

22. Faisean

- Cineálacha éagsúla éadaí
 - Fógraíocht
 - Piarbhrú
 - Praghasanna
 - Cúrsaí siopadóireachta
 - Clár faisin teilifíse
 - Siopadóireacht ar líne
-

23. Bia agus Sláinte

- Cineálacha bia
 - Béilí agus cócaireacht
 - Baill an choirp
 - Tinneas agus galair
 - SEIF
 - Aiste bia
 - Murtall / otrachas
 - Cleachtadh coirp
 - Aclaíocht
-

24. Laethanta Saoire

- Laethanta saoire in Éirinn agus thar lear
 - Obair pháirtaimseartha
 - Turasóirí
 - Ticéid a chur in áirithe ar líne
 - Coláistí Samhraidh
 - Aerfoirt
 - Pas
 - Modhanna taistil
-

25. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

- Suímh idirlín (eagraíochtaí, scoileanna srl...)
- Suímh shóisialta idirlín
- Irisí/nuachtáin/nuachtlitreacha ar líne
- Stáisiúin raidió (ar líne agus eile)
- Podchraoltaí
- Clár theilifíse
- Cartlann TG4
- Scannáin nó giotaí fiseán
- Amhráin
- Íoslódálacha
- Blaganna
- Ríomhphoist

- T acsteachtair achta 
- Tuarth acs
- Focl oir  leictreonacha
- Guthphost
- Vik ithe

26.  bhair eile a gcuireann an scol aire sp eis iontu

ARDLEIBHÉAL

Clár

ARDLEIBHÉAL	Lch:
An Siollabas: Nóta	36
Aidhmeanna Ginearálta	36
An Ghaeilge agus Forbairt an Scoláire	37
An tArdleibhéal: Sainiú	37
An Cultúr Gaelach	38
An Fheasacht Teanga	38
Cuspóirí Múinteoireachta	38
Feidhmeanna	41
Topaicí	43
Aguisín I: Ardleibhéal: An Cúrsa Próis 2012, 2013, 2014	49
Aguisín II: Ardleibhéal: An Cúrsa Filíochta 2012, 2013, 2014	50
Aguisín III: Ardleibhéal: Litríocht Bhreise	51
Ardleibhéal: An Córas Measúnachta	53

An Siollabas: Nóta

Tugtar aird faoi leith sa siollabas ar na riachtanais seo:

- (a) go mbeadh leanúnachas sa siollabas seo ó shiollabas an Teastais Shóisearaigh chun go bhféadfaí gach a bhfuil sealbhaithe ag na scoláirí a leathnú, a dhoimhniú agus a bhuanú;
- (b) go n-aithneofaí cúlraí agus cumais éagsúla na scoláirí;
- (c) go dtabharfaí aitheantas sa teagasc agus sa mheasúnú do na scileanna seo: cluastuiscint, labhairt, léamhthuiscint agus scríobh.

Aidhmeanna Ginearálta

Is iad seo na haidhmeanna ginearálta a bhaineann le múineadh na Gaeilge ag an leibhéal seo:

- (a) Cur ar chumas na scoláirí arb í an Ghaeilge a máthairtheanga, an teanga a úsáid le barr cuannachta agus le sofaisticiúlacht.
- (b) Deis a thabhairt do na scoláirí nach í an Ghaeilge a máthairtheanga an teanga a shealbhú i dtreo is go mbeidh siad láninniúil ar chumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.
- (c) Cumas Gaeilge na scoláirí a fhorbairt i dtreo is go mbeidh siad láninniúil ar na scileanna uile, éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh, a ionramháil go cuí.
- (d) Léargas a thabhairt do na scoláirí ar chultúr, ar shaíocht agus ar litríocht na Gaeilge agus deiseanna a chur ar fáil dóibh iad seo go léir a bhlaiseadh i sochaí ilchultúrtha agus ilteangach.
- (e) Meon dearfach i leith na teanga a chothú sna scoláirí, ag cur san áireamh gurbh fhéidir gurb í an Ghaeilge san Ardteistiméireacht an teagmháil fhoirmiúil dheiridh a dhéanfaidh formhór na scoláirí seo leis an teanga.
- (f) Go mbeadh mar thoradh ar mhúineadh na Gaeilge ag an leibhéal seo go gcothófaí dearcadh dearfach sna scoláirí ar fhoghlaim teangacha i gcoitinne agus ar chainteoirí teangacha eile, mar aon le meas ar chultúir agus ar shaíochtaí eile.
- (g) Féinmheas agus féinmhuinín na scoláirí a chothú trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus ar a n-oidhreacht chultúrtha.
- (h) Taitneamh mar aon le spreagadh intleachtúil agus mothúchánach a sholáthar do na scoláirí i gcomhthéacs na Gaeilge.
- (i) Ar chríochnú an chúrsa dóibh, go mbeidh leibhéil fhíorshásúla gabhchumais agus ginchumais sroichte ag na scoláirí sa chaoi gur féidir leo feidmiú go lánmhuiníneach i gcaidreamh sóisialta Gaeilge.

An Ghaeilge agus Forbairt an Scoláire

Laistigh den siollabas Gaeilge ag an leibhéal seo déanfar cúram d'fhorbairt an scoláire. Díreofar ar na gnéithe seo:

- (a) Forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire a chur chun cinn.
- (b) Cumas samhlaíochta, cruthaitheach, aeistéitiúil agus mothaitheach an scoláire a fhorbairt.
- (c) Dearcadh agus scileanna staidéir a chothú a chabhróidh leis an scoláire ó thaobh torthaí acadúla, saol oibre, agus caitheamh aimsire de.
- (d) Cumas anailíse, urlabhraíochta agus cuimhne an scoláire a fhorbairt.
- (e) Tuiscint a chothú sa scoláire ar ghnás na Gaeilge agus ar nádúr na cumarsáide inti.
- (f) Aird chuí a dhíriú ar na meáin chumarsáide Ghaeilge agus ar acmhainneacht Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide don Ghaeilge.
- (g) I gcás scoláirí arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, cabhrú leo leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le bheith ilteangach.
- (h) Cabhrú leis an scoláire teacht ar shaíocht agus ar chultúr na Gaeilge.
- (i) A chur ar chumas an scoláire cúrsa tríú leibhéal sa Ghaeilge a leanúint.

An Cúrsa Ardleibhéal: Sainiú

Tá sé i gceist sa chúrsa seo:

- (i) Freastal a dhéanamh ar scoláirí a rinne an cúrsa Ardleibhéal sa Teastas Sóisearach agus ar éirigh go sásúil leo ann.
- (ii) Freastal a dhéanamh ar scoláirí a rinne an cúrsa Gnáthleibhéal sa Teastas Sóisearach agus ar éirigh thar cionn leo ann.
- (iii) Go gcuirfí béim chuí ar scileanna ginchumais agus gabhchumais.
- (iv) Go bhfaigheadh scoláirí an leibhéil seo léargas fairsing ar chultúr agus ar litríocht na Gaeilge.
- (v) Go gcuirfí ar chumas scoláirí taitneamh a bhaint as litríocht na Gaeilge agus bheith ábalta í a bhlaiseadh agus a mheas.
- (vi) Go bhfaigheadh na scoláirí léargas ar an nGaeilge mar theanga chumarsáideach sa saol comhaimseartha.

An Cultúr Gaelach

- Ar aon dul leis an gcúrsa Gnáthleibhéal, déanfar cúram sa chúrsa seo de thábhacht oidhreacht chultúrtha na Gaeilge. Tá i gceist anseo go bhfaighidh scoláirí léargas maith agus tuiscint iomlán ar ghnéithe den chultúr sin a bhaineann go dlúth le comhthéacs stairiúil agus comhthéacs comhaimseartha na Gaeilge.
- Moltar áfach, go bhfaighidh scoláirí an deis chéanna leis an gcultúr a bhlaiseadh laistigh de mhór-réimsí de thopaicí an chúrsa. Níor cheart go bhféachfaí ar an ggné chultúrtha mar “aguisín” leis féin nó mar “chuid eile” den chúrsa a gcaithfí treabhadh tríd.
- Ba cheart, mar sin, an ggné chultúrtha a fhí isteach go nádúrtha le múineadh na scileanna teanga.
- Díritear aird ar acmhainneacht theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide leis an gcultúr Gaelach a shuíomh sa saol comhaimseartha.

An Fheasacht Teanga

- Is féidir leas a bhaint as an eolas agus as an taithí atá ag na scoláirí ar chórais teangacha eile i gcás mhúineadh na Gaeilge chomh maith.
- Aithneoidh scoláirí rudaí suntasacha faoin nGaeilge óna gcuid eolais ar an mBéarla agus ar na nuatheangacha. Tá aithint na ndifríochtaí agus na gcosúlachtaí agus an t-eolas comparáideach seo tábhachtach do shealbhú na teanga, m.sh an briathar ag tús na habairte, córas éagsúil deilbhíochta, srl.
- Beifear ag súil go léireoidh iarrthóirí an Ardleibhéil saoráid chainte agus scríofa sa teanga a bheidh ag teacht le haidhmeanna agus cuspóirí an tSiollabais don aicme foghlaimeoirí sin.

Cuspóirí Múinteoireachta

Beifear ag súil go mbeidh gach a bhfuil sa dá chúrsa eile sealbhaithe ag scoláirí an leibhéil seo agus an méid atá rianaithe thíos de bhreis air sin. Tá téacsanna dílse (nuachtáin, irisí, blaganna idir ábhar clóite agus ar líne) i ngach tagairt thíos.

A. Tuiscint

(i) Teanga Labhartha (Cluastuiscint)

- Go mbeidh foghlaimeoirí an ardleibhéil láninniúil ar thuiscint a bhaint as gnáthchomhráite Gaeilge ar ghnáthluas.
- Go mbeidh siad in ann tuiscint a bhaint as míreanna nuachta agus tuairisce.
- Go mbeidh siad in ann tuiscint a bhaint as tuairiscí raidió agus teilifíse a bhaineann le gnáthchúrsaí an tsaoil, le cúrsaí reatha agus polaitíochta.

- Go mbeidh siad in ann drámaí agus sraithdhrámaí Gaeilge a thuiscint.
- Go mbeidh siad in ann píosaí cainte a bhaineann le cúrsaí litríochta agus cultúir a thuiscint.

Beifear ag súil go mbeidh tuscint mhaith acu ar:

- foghraíocht agus rithim na teanga
- na canúintí
- réimeanna na teanga

(ii) Téacsanna Scríofa (Léamhthuiscint)

- Go mbeidh siad in ann déileáil go lánmhuiníneach le:
 - téacsanna iriseoireachta
 - téacsanna liteartha
 - téacsanna léirmheastóireachta
- Go mbeidh siad in ann saghsanna áirithe téacsanna agus cineálacha áirithe stíle araon a aithint agus a idirdhealú.

(iii) Litríocht

Ag eascairt as a bhfuil i gceist in aidhm “(d)” de na hAidhmeanna Gineáralta, tá sé i gceist go ndéanfaí saothrú ar litríocht na Gaeilge, idir phrós agus fhilíocht.

B. Labhairt

Beifear ag súil go mbeidh na cumais seo a leanas ag scoláirí ar chríochnú an chúrsa seo dóibh:

- Go mbeidh siad ábalta ról iomlán idirghníomhach a ghlacadh go lánmhuiníneach i gcomhrá pearsanta agus foirmiúil.
- Go mbeidh siad ábalta an teanga a labhairt agus a léamh de réir ghnás agus fhoghraíocht na Gaeilge.

C. Scríobh

Beifear ag súil go mbeidh na cumais seo a leanas ag scoláirí ar chríochnú an chúrsa dóibh:

- Go mbeidh siad ábalta iad féin a chur in iúl le cruinneas agus le beachtas teanga.

- Go mbeidh siad in ann dréachtaí ceapadóireachta de chinéalacha éagsúla a scríobh.
- Go mbeidh siad ábalta tuairimí a nochtadh go lánmhuiníneach trí mheán na scríbhneoireachta.
- Go mbeidh siad in ann stíl phearsanta a fhorbairt de réir a chéile.

D. Léirmheas Litríochta (Prós agus Filíocht)

Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar:

(i) an cúrsa comónta litríochta idir phrós agus fhilíocht (*Feic Aguisín I agus II*)

agus

(ii) an cúrsa de litríocht bhreise a chuimsíonn 5 théacs próis agus 5 dhán, le rogha eatarthu (*Feic Aguisín III*)

Nóta: Beifear ag súil go ndéanfar comhtháthú sa teagasc idir an chuid seo den chúrsa agus ábhar na dtopaicí.

E. Stair na Litríochta

Agus staidéar á dhéanamh ar an gcúrsa litríochta ar fad, ba chóir aird a thabhairt i gcónaí ar na saothair agus ar na húdair a shuíomh i gcomhthéacs stair litríochta na Gaeilge.

Feidhmeanna

Is ionann feidhm anseo agus an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc nó aidhm a chur i gcrích. Moltar do mhúinteoirí a gcuid scoláirí a ullmhú chun go mbeadh ar a gcumas an raon teanga a bhaineann leis na feidhmeanna seo a leanas a aithint sa ghabhchumas (tuiscint) agus a úsáid sa ghinchumas (táirgeadh).

Sóisialú (teagmháil a dhéanamh agus a choimeád le daoine eile)

- Beannú
- Cur in aithne
- Sonraí pearsanta a fháil is a thabhairt
- Buíochas a ghabháil
- Comhghairdeas a dhéanamh
- Cuireadh a thabhairt, glacadh le cuireadh (nó diúltú dó)
- Slán a fhágáil
- Coinne a shocrú
- Leithscéal a ghabháil
- Fiafraí
- Achainí a iarraidh, srl.
- Geallúint a thabhairt
- Socrú a dhéanamh

Aq lorg nó aq tabhairt eolais

- Cur síos a lorg is a chur in iúl
- Míniú a lorg is a thabhairt
- Teachtaireacht a thabhairt nó a chur ar aghaidh
- Deimhniú a dhéanamh
- Seasamh a thógáil nó taobh a ghlacadh
- A rá go bhfuil nó nach bhfuil rud éigin ar eolas agat
- Inniúlacht nó cumas a chur in iúl
- A fháil amach an bhfuil rud éigin ar eolas ag duine
- A rá gur cuimhin leat rud, duine nó áit éigin

Aq cur tuairimí nó dearcadh in iúl

- Tuairimí a lorg nó a nochtadh
- Rogha a chur in iúl
- Spéis nó suim a nochtadh
- Aontú agus easaontú
- Dúil nó mian a chur in iúl
- Cinnteacht nó éiginnteacht a chur in iúl

Aq áitiú

- Rudaí a iarraidh ar dhuine eile
- Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- Cabhair a iarraidh
- Cead a iarraidh
- Comhairle a thabhairt
- Éileamh a dhéanamh
- Moladh a dhéanamh
- Rabhadh a thabhairt

Ag cur mothúcháin in iúl

- Mothúcháin a nochtadh agus a aithint
- Taitneamh, pléisiúr, sásamh a chur in iúl
- Míthaitneamh agus míshástacht a chur in iúl
- Fearg, díomá, aiféala a nochtadh
- Imní a chur in iúl
- Cathú, brón a chur in iúl
- Grá, fuath, déistin a chur in iúl, srl.

Ag leasú na cumarsáide

- Easpa tuisceana a chur in iúl
- Comhrá a choimeád sa tsiúl
- Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá
- Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú nó a mhíniú
- Ag iarraidh ar dhuine focal a litriú

Topaicí

Beidh ar scoláirí an Ardleibhéil saothrú a dhéanamh ar thopaicí an Ghnáthleibhéil. Moltar go ndéanfaí saothrú cuí ar aon dul lena bhfuil léirithe i gcás an Ghnáthleibhéil ar na topaicí seo thíos (agus aird á tabhairt ar fhorbairt agus ar shealbhú cuí na teanga). Is mar threoir a thugtar na fotheidil anseo:

1. An Scoláire Féin

- An teaghlach
- Gnáthshaol an teaghlaigh
- Teaghlaigh éagsúla
- An teaghlach i dtíortha eile

2. Áit Chónaithe

- An teach agus obair an tí
- An tuath agus an chathair
- An chomharsanacht agus comharsana
- An nuatheicneolaíocht sa teach

3. An Scoil agus Cúrsaí Oideachais

- Ábhair scoile
- Múinteoirí
- Acmhainní TFC
- Cineálacha éagsúla scoileanna
- Ilchultúrachas
- Rialacha agus éide
- Scrúduithe
- Oideachas tríú leibhéal
- Oiliúint ghairmiúil
- Cúrsaí oideachais
- Scoileanna speisialta
- Brú agus iomaíocht
- Oideachas aosach

4. Cairdeas agus Caidreamh

- Tréithe an duine
- Na mothúcháin phearsanta
- Buanna agus lochtanna an duine
- An grá
- Pósadh
- Colscaradh
- Suímh shóisialta idirlín

5. Ceol

- Cineálacha éagsúla ceoil
- Uirlisí
- Bannaí, amhránaithe, grúpaí

- Na Cairteacha
- Liricí
- Tionscal an cheoil
- Suímh idirlín

6. Spórt

- Spóirt foirne
- Spóirt aonair
- Cumainn agus clubanna
- Tábhacht an spóirt
- An spórt gairmiúil agus an spórt amaitéireach

7. Caitheamh Aimsire

- Scannáin
- Léitheoireacht
- Cluichí
- Ceol
- Buntáistí agus tábhacht an chaithimh aimsire
- Cluichí ríomhaire
- Suímh shóisialta idirlín

8. An Ghaeilge

- An Ghaeilge timpeall orainn
- An Ghaeilge ar líne
- An Ghaeltacht agus canúintí
- An Ghaeilge sna meáin chumarsáide
- Athbheochan na Gaeilge
- An Ghaeilge agus féiniúlacht
- An Ghaeilge thar lear
- An Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana eile
- Na heagrais Ghaeilge
- An dátheangachas
- Éireannaigh nua agus an Ghaeilge
- Raidió na Gaeltachta
- Raidió na Life
- Raidió Rírá
- TG4

9. Na Meáin Chumarsáide

- Na nuachtáin agus irisí
- An teilifís
- An raidió
- Cineálacha clár teilifíse
- Tionchar agus tábhacht na meán
- Na meáin chlóite agus leictreonacha

10. Saol na hOibre

- Slite beatha éagsúla
- Fiontraíocht
- Fostaíocht agus Dífhostaíocht

- Obair pháirtaimseartha
- Agallaimh
- Gnéaschothromaíocht
- Ceardchumann
- Postroinnt
- Bliain shabóideach
- Am solúbtha
- Obair dheonach
- Obair phobail
- Bulaíocht sa láthair oibre

11. Taisteal agus Teangacha

- Córais agus córacha iompair
- Tíortha eile, imirce, inimirce agus eisimirce
- An Eoraip
- Teangacha na hEorpa.
- Ceadúnas tiomána
- Rialacha an bhóthair
- Timpistí
- Bliain bhearnach
- Nósanna cultúrtha

12. An Aimsir

- An aimsir in Éirinn
- Na séasúir
- An aimsir i dtíortha eile
- Téamh domhanda
- Tubaistí domhanda
- Athrú aeráide

13. Daoine ar Leith

- Daoine le riachtanais speisialta
- Áiseanna ar leith
- Cearta an duine
- Seandaoine

14. Creideamh agus Eitic

- Creideamh in Éirinn anois
- Féilte in Éirinn agus i dtíortha eile
- Reiligiúin éagsúla
- An creideamh agus cúrsaí córa
- Cearta agus sairse an duine

15. Cultúr

- Cultúr na hÉireann / Nuachultúir in Éirinn
- Ceol agus amhráin thraidisiúnta
- An Lucht Siúil
- Litríocht
- Dánlanna, amharclanna, iarsmalanna
- Ealaíona / Ceirdeanna

16. Fadhbanna an Duine Óig

- Dífhostaíocht
- Andúileachas
- Foréigean
- Coireanna agus coirpigh
- Bochtanas
- Bulaíocht (ar líne agus eile)
- Saol Clainne
- Brú scrúdaithe
- Íomhá choirp
- Piarbhrú
- Easpa saoirse
- Ciníochas

17. Tionsclaíocht

- Feirmeoireacht
- Ríomhaireacht
- Iascaireacht
- Turasóireacht
- Monarchana
- An tAontas Eorpach
- Nuatheicneolaíocht
- Taighde agus Forbairt
- Domhandú

18. An Timpeallacht

- An Timpeallacht áitiúil
- Caomhnú na timpeallachta
- Truailliú
- Acmhainní nádúrtha
- Athchúrsáil
- Téamh Domhanda
- Tubaistí Domhanda

19. Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

- An tSíocháin
- Cogadh
- An Tuaisceart
- An tAontas Eorpach
- An pholaitíocht
- Na Náisiúin Aontaithe
- Gorta
- An Tríú Domhan
- Cumainn charthanachta, Trócaire, Goal, srl
- Dáil na nÓg

20. An Státchóras

- An Stát
- Bunreacht na nÉireann

- Toghcháin
- An tSeirbhís Phoiblí
- An pholaitíocht
- An tÚdarás Áitiúil
- Comhairleoirí Áitiúla

21. Airgead

- Coigilt
- Díluacháil agus boilsciú
- Pá agus tuarastail
- Fiontraíocht
- Na Bainc
- Pinsean
- Cártaí creidmheasa
- Titim i bhfiacha
- Scoláireachtaí
- Deontais
- Iasachtaí
- Cuntais ar líne
- Caimiléireacht
- Comhair Chreidmheasa

22. Faisean

- Cineálacha éagsúla éadaí
- Fógraíocht agus margaíocht
- Tionscal an fhaisin
- Cúrsaí siopadóireachta
- Clár faisin teilifíse
- Praghasanna
- Piarbhrú
- Íomhá choirp

23. Bia agus Sláinte

- Cineálacha bia
- Béilí
- Baill an choirp
- Tinneas agus galair
- SEIF / MRSA / CJD
- Galair mharfacha
- Aiste bia
- Murtall
- Cleachtadh Coirp
- Aclaíocht
- Córas Sláinte
- Fadhbanna sláinte
- Breoiteacht

24. Laethanta Saoire

- Laethanta saoire in Éirinn agus thar lear
- Obair pháirtaimseartha
- Turasóireacht

- Ticéid a chur in áirithe ar líne
- Modhanna taistil
- Coláistí Samhraidh
- Bliain bhearnach
- Féilte na bliana
- Aerfort
- Pas

25. An Tríú Domhan

- Cearta daonna
- Cearta agus an chóir
- Tubaistí nádúrtha
- Claondearcadh agus ciníochas
- Cogadh
- Cumainn charthanachta

26. An Litríocht

- Cad chuige an litríocht?
- Litríocht na Gaeilge
- Litríocht an Bhéarla agus teangacha eile
- Cineálacha éagsúla litríochta
- Seánraí éagsúla

27. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

- Suímh idirlín (eagraíochtaí, scoileanna srl...)
- Suímh shóisialta idirlín
- Irisí/nuachtáin/nuachtlitreacha ar líne
- Stáisiúin raidió (ar líne agus eile)
- Podchraoltaí
- Cláir theilifíse
- Cartlann TG4
- Scannáin nó giotáí físeán
- Amhráin
- Íoslódálacha
- Blaganna
- Ríomhphoist
- Téacsteachtaireachtaí
- Tuarthéacs
- Foclóirí leictreonacha
- Guthphost
- Vikíthe

28. Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu

Aguisín I

Ardleibhéal: Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012, 2013, 2014

Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar gach a bhfuil leagtha síos don Ghnáthleibhéal. (Is ionann an t-ábhar próis thíos agus an cúrsa próis atá leagtha amach in Aguisín I don Ghnáthleibhéal).

1. Prós

(a) Prós Comónta Ainmnithe

Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thíos .i. sliocht as dialann taistil nó gearrscéal [go huile] agus ag (v) thíos .i. gearrscannán nó dráma.

- (i) ***Oisín i dTír na n-Óg*** (Lgh. 69 – 73): Béaloideas/Fiannaíocht
as Seanchas na Féinne – Niall Ó Dónaill (eagarthóir)
(An dara heagrán, An Gúm, 1996)
- (ii) ***An Gnáthrud*** (Lgh. 61 – 65): Déirdre Ní Ghrianna
as An Gnáthrud – Déirdre Ní Ghrianna (Coiscéim, 1999)
nó
Seal i Neipeal (Lgh. 78 – 83): Cathal Ó Searcaigh
as Seal i Neipeal – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2004)
- (iii) ***Dís*** (Lgh. 265 – 270): Siobhán Ní Shúilleabháin
as Í Siúd – Siobhán Ní Shúilleabháin (Cló Iar-Chonnachta, 1999)
- (iv) ***Hurlamaboc*** (Caibidil 1, Lgh. 5 – 9): Éilís Ní Dhuibhne
as Hurlamaboc – Éilís Ní Dhuibhne (Cois Life, 2007)
- (v) ***Cáca Milis*** (Gearrscannán)
as Gearrscannáin-DVD (Bord Scannán na hÉireann & TG4, 2004)
nó
An Lasair Choille (Gearrdhráma) (Lgh. 265 – 270): Caitlín Maude agus Mícheál Ó hAirtnéide
as Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós – Ciarán Ó Coigligh
(Coiscéim, 2005)

NÓ

(b) Prós: Ábhar Roghnach

Is den riachtanas é go gcloífi leis na treoracha agus na critéir ar leith atá leagtha síos maidir le téacsanna cuí a roghnú. (Feic leathanach 5)

Aguisín II

Ardleibhéal: Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012, 2013, 2014

Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar gach a bhfuil leagtha síos don Ghnáthleibhéal. (Is ionann an t-ábhar filíochta thíos agus an cúrsa atá leagtha amach in Aguisín I don Ghnáthleibhéal).

2. Filíocht

(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe

- (i) **An Spailpín Fánach:** (véarsaí 1, 2, 3)
Duanaire na Meánteistiméireachta – Caoimhghin Ó Góilidhe a chuir in eagar. (Eagrán Oifigiúil, Folens, 1975)
- (ii) **Géibheann:** Caitlín Maude
Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005)
- (iii) **An tEarrach Thiar:** Máirtín Ó Direáin
Rogha Dánta – Máirtín Ó Direáin (Sáirséal agus Dill, 1949)
- (iv) **Mo Ghrá-sa (idir lúibíní):** Nuala Ní Dhomhnaill
Féar Suaithinseach – Nuala Ní Dhomhnaill (An Sagart, 1984)
- (v) **Colscaradh:** Pádraig Mac Suibhne
Solas Uaigneach – Pádraig Mac Suibhne (An Sagart, 1992)

NÓ

(b) Filíocht: Ábhar Roghnach

Is den riachtanas é go gcloífid leis na treoracha agus na critéir ar leith atá leagtha síos maidir le téacsanna cuí a roghnú. (Feic leathanach 6)

Aguisín III

Ardleibhéal: Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012, 2013, 2014

Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar an gcúrsa comónta litríochta idir phrós agus fhilíocht mar atá leagtha síos don Ghnáthleibhéal in Aguisín I agus in Aguisín II agus an cúrsa de litríocht bhreise thíos a chuimsíonn 5 théacs próis agus 5 dhán, le rogha eatarthu.

3. Litríocht Bhreise

Ceann amháin de na rannóga **A nó B** thíos

A: Prós Breise

Ceann amháin de na saothair ainmnithe **(i) – (v)** thíos

- (i)** *An Triail* [go huile]: Mairéad Ní Ghráda
An Triail – Mairéad Ní Ghráda (An Gúm, 1978)
- (ii)** *A Thig Ná Tit Orm* (Caibidilí 1 – 8, Lgh. 7 – 62): Maidhc Dainnín Ó Sé
A Thig Ná Tit Orm – Maidhc Dainnín Ó Sé (Cló Iar-Chonnachta, 1999)
- (iii)** *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* (Lgh. 1 – 72)
Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne – Nessa Ní Shé a chuir in eagar (Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971)
- (iv)** *Gafa* (Lgh 7 – 64): Ré Ó Laighléis
Gafa – Ré Ó Laighléis (Móinín, 1996)
- (v)** *Canary Wharf* Orna Ní Choileáin
Canary Wharf – Orna Ní Choileáin (Cois Life, 2009)
(cúig ghearrscéal ainmnithe as na deich ngearrscéal atá sa chnuasach)
 - *Saineolaí Teicneolaí* (Lgh. 17 – 32)
 - *Canary Wharf* (Lgh. 35 – 48)
 - *Cosaint Sonraí* (Lgh. 69 – 86)
 - *Cúrsaí Eitilte* (Lgh. 129 – 146)
 - *Mil* (Lgh. 149 – 167)

NÓ

B: Dánta Breise

Na **cúig** dhán ainmnithe seo a leanas **ar fad (i) – (v)** thíos

- (i)** *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* (Línte 1-68; 177-188): Eibhlín Dubh Ní Chonaill
Caoineadh Airt Uí Laoghaire – Nuachóiriú le Seán Ó Tuama, (An chéad chló, 1961) *Leabhair Thaighde, an Ceathrú hImleabhar* Seán Ó Tuama, (An Clóchomhar, athchló 2002)

- (ii) **Fill Arís:** Seán Ó Riordáin
Brosna – Seán Ó Ríordáin (Sáirséal agus Dill, 1964)
- (iii) **A Chlann:** Máire Áine Nic Gearailt
Mo Chúis Bheith Beo – Máire Áine Nic Gearailt (Coiscéim, 1991)
- (iv) **Colmáin:** Cathal Ó Searcaigh
Gúrú i gClúidíní – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2006)
- (v) **Éiceolaí:** Biddy Jenkinson
Baisteadh Gintlí – Biddy Jenkinson (Coiscéim, 1986)

AN CÓRAS MEASÚNACHTA

GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

Gaeilge: An Ardteistiméireacht

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

An Córas Measúnachta

Tá an córas measúnachta thíos bunaithe ar na cuspóirí múinteoireachta agus ar na haidhmeanna uile a ghabhann leis na siollabais seo. Tugtar aitheantas sa chóras seo do na scileanna teanga go léir (idir scileanna ginchumais agus scileanna gabhchumais). Maidir le riar na marcanna atá le bronnadh ar na gnéithe éagsúla sin i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta tá aird tugtha ar na hathruithe a fógraíodh le hImlitir 0042/2007.

San ábhar teanga a iarrfar ar na scoláirí a ionramháil sa Bhéaltrial, sa Triail Chluastuisceana, sa Cheapadóireacht agus sa Léamhthuiscint, beidh na Topaicí atá liostaithe sa Siollabas (gnéithe den Chultúr Gaelach ina measc) san áireamh. Tástálfar a bhfuil de shamplaí as litríocht na Gaeilge le saothrú ag na scoláirí ar Scrúdpháipéar 2.

Nóta: Is é 600 marc an t-iomlán don scrúdú.

GNÁTHLEIBHÉAL

1. Beidh dhá pháipéar scríofa ann don leibhéal seo.
2. Uair an chloig go leith a mhairfidh páipéar a haon (an 20 nóiméad don scrúdú cluastuisceana san áireamh) agus mairfidh páipéar a dó dhá uair an chloig.

An Bhéaltrial:240 marc = 40%

Labhairt na Gaeilge (240 marc)

Scrúdú comónta don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal a bheidh sa bhéaltrial. Déanfar tástáil ar chumas labhartha agus cumarsáide an scoláire trí mheán na Gaeilge.

Páipéar 1: 160 marc = 27%

Cluastuiscint (60 marc) + Ceapadóireacht (100 marc)

Scrúdófar cluastuiscint agus ceapadóireacht sa pháipéar seo.

Páipéar 2: 200 marc = 33%

Léamhthuiscint x 2 (50 marc + 50 marc) + Prós ainmnithe nó rognach (50 marc) + Filíocht ainmnithe nó rognach (50 marc).

Scrúdófar léamhthuiscintí, prós agus filíocht an tSiollabais sa pháipéar seo.

ARDLEIBHÉAL

1. Beidh dhá pháipéar scríofa ann don leibhéal seo.
2. Dhá uair an chloig a mhairfidh páipéar a haon (an 20 nóiméad don scrúdú cluastuisceana san áireamh) agus mairfidh páipéar a dó dhá uair an chloig agus daichead a cúig nóiméad.

An Bhéaltriall:240 marc = 40%

Labhairt na Gaeilge (240 marc)

Scrúdú comóna don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal a bheidh sa bhéaltriall. Déanfar tástáil ar chumas labhartha agus cumarsáide an scoláire trí mheán na Gaeilge.

Páipéar 1: 160 marc = 27%

Cluastuisceant (60 marc) + Ceapadóireacht (100 marc)

Scrúdfar cluastuisceant agus ceapadóireacht sa pháipéar seo.

Páipéar 2: 200 marc = 33%

Léamhthuisceant x 2 (50 marc + 50 marc) + Prós ainmnithe nó rognach (30 marc)

+ Filíocht ainmnithe nó rognach (30 marc) + Litríocht bhreise (40 marc).

Scrúdfar léamhthuisceantí, prós agus filíocht an tSiollabais sa pháipéar seo.

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA (CNCM)

Nós imeachta le haghaidh Siollabais Náisiúnta a cheapadh

Tá na Coistí Cúrsa a cheap an CNCM freagrach as siollabais a cheapadh d'ábhair ag an leibhéal iar-bhunoideachais. Is mar seo a leanas atá ballraíocht Choiste Cúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta:

<i>Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire</i>	<i>2 bhall</i>
<i>Aontas Múinteoirí Éireann</i>	<i>2 bhall</i>
<i>Cumann Ollscoileanna Éireann</i>	<i>2 bhall</i>
<i>Comhchoiste na mBainisteoirí</i>	<i>1 bhall</i>
<i>Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha</i>	<i>1 bhall</i>
<i>Cumann Gairmoideachais in Éirinn</i>	<i>1 bhall</i>
<i>Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna</i>	<i>1 bhall</i>
<i>Cumann an Ábhair</i>	<i>1 bhall</i>
<i>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta</i>	<i>1 bhall</i>
<i>Foras na Gaeilge</i>	<i>1 bhall</i>
<i>Coimisiún na Scrúduithe Stáit</i>	<i>1 bhall</i>
<i>An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (An Chigireacht)</i>	<i>1 bhall</i>

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsa faoi bhráid na CNCM le haghaidh faofa. Tar éis di na moltaí sin a mheá cuireann CNCM an siollabas faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta atá freagrach as an siollabas a fhaomhadh agus a eisiúint chuig scoileanna.